

Cad is féidir le do Leabharlann Áitiúil a thairiscint d'Oideoirí Luathbhlianta

Téigh i dteagmháil le do leabharlann áitiúil chun tuilleadh eolais a fháil faoin méid atá ar fáil.

Tabhair cuairt ar www.librariesireland.ie chun sonraí teagmhála a fháil do do leabharlann áitiúil.





Cad atá ar fáil do ELCanna sa leabharlann áitiúil?

An raibh a fhios agat, is féidir le do leabharlann áitiúil raon tacaíochtaí agus seirbhísí a chur ar fáil do shuíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí, Feighlithe Leanaí, agus na leanaí a dtugann siad aire dóibh?

Is mian le leabharlanna cabhrú leat scileanna litearthachta agus uimhearthachta leanaí a fhorbairt agus grá don léitheoireacht agus don fhoghlaim a chothú ó aois óg.

Cad is féidir linn a thairiscint

- **Tacaíochtaí ar bhonn leanúnach** agus **deiseanna chun oibriú le chéile**
- **Ballraíocht saor in aisce do gach aois** - agus **gan aon táillí déanacha**
- **Cárta oideora do gach oideachasóir luathbhlianta**, a ligeann duit tacair leabhar nó earraí eile a fháil ar iasacht do do sheomra
- **Comhairle agus tacaíocht** maidir le leabhair a roghnú d'aoisghrúpaí agus cumais éagsúla
- Má theastaíonn comhairle uait maidir le spás leabharlainne a bhunú san ELC, b'fhéidir go mbeimid in ann cabhrú leat, agus is féidir leat teacht ar threoir ar líne ag **LibrariesIreland.ie**
- **Treoir maidir le measúnú a dhéanamh ar do bhailiúchán leabhar** agus leabhair a roghnú a léiríonn topaicí agus pobail laistigh de do cheantar ELC chun a chinntiú go bhfuil gach leanbh san áireamh agus go ndéantar ionadaíocht orthu - tá an treoir seo ar fáil ag



LibrariesIreland.ie agus d'fhéadfadh tacaíocht dhíreach a bheith ar fáil ó do sheirbhís leabharlainne áitiúil freisin

- **Cuairteanna ranga** ar do leabharlann áitiúil, trí shocrú
- **Cuairteanna for-rochtana** nó cur i láthair ar sheirbhísí leabharlainne áitiúla ag d'ELC, trí shocrú. Léireoidh cuairteanna seirbhísí leabharlainne agus d'fhéadfadh seisiúin am scéalaíochta do leanaí, cur i láthair ar leabhair atá ar fáil, acmhainní mála scéalta, srl.
- **Spásanna do scéalta, gníomhaíochtaí léitheoireachta** agus **céadfacha** sa leabharlann
- **Réimse ábhar tacaíochta léitheoireachta agus curaclaim**, lena n-áirítear ábhair i nGaeilge - seiceáil le do leabharlann áitiúil chun a fháil amach cad atá ar fáil
- Chomh maith le leabhair atá le fáil ar iasacht sa leabharlann, tá réimse **ríomhleabhar agus ríomh-chlosleabhar** do leanaí ar fáil trí BorrowBox
- **Am scéalaíochta rialta** agus gníomhaíochtaí eile do leanaí i do leabharlann áitiúil nó ar líne
- Cláir agus **imeachtaí leabharlainne do leanaí i rith na bliana**, lena n-áirítear Léim Isteach san Am Scéalaíochta i mí Aibreáin, Réaltaí an tSamhraidh ó Mheitheamh go Lúnasa, Féile Leabhar na Leanaí i mí Dheireadh Fómhair, agus Am Teaghlach i do Leabharlann i mí na Nollag
- **Acmhainní agus tacaíochtaí do thuismitheoirí** chun cabhrú leo tacú le scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bpáistí agus iad a neartú

